

❖ An Lúibín ❖

23 Márta 2024

An tuin cheart

There is now recognition of the fact that many teachers in Ireland have not mastered the phonetics of Irish, and this at a time when demand for Irish-medium education has increased.

Ceartfhoghraíocht na Gaeilge – rud a fhaightear gann i measc mhúinteoirí Gaeilge in Éirinn. Ach tá fuascailt na faidhbe ag an Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge, más fíor, agus más maith is mithid: feidhm a bhaint as na healaíona ó bhéal chun feabhas a chur ar fhuaimniú na teanga i mbéal múinteoirí glasa agus múinteoirí cáilithe.

Ag an bpointe seo d'fhéadfá cúpla ceist a chur – cén fáth nach ndearnadh an fhadhb a réiteach roimhe seo sna coláistí oiliúna féin, mar shampla, agus cén fáth ar thóg sé chomh fada sin na deacrachtaí a aithint. Bímis buíoch de go bhfuil trácht ar bith ar an scéal, más go déanach féin é. Deirtear gurb iad na hinstiúidí ardoideachais, an Roinn Oideachais, an Chomhairle um Ghaeltacht agus Gaelscolaíocht (COGG) agus lucht na n-ealaíon Gaeilge a bheidh ag déanamh na hoibre. Tá 'próiseas comhairliúcháin' le cur i gcrích ar dtús, ar ndóigh.

Níl i gceist na foghraíochta ach ceann amháin de na fadhbanna atá ag siúl le múineadh na Gaeilge, ach is olc an scéal é nuair a fheictear múinteoirí nach bhfuil foghraíocht na Gaeilge ar a dtoil acu agus iad ag iarraidh an teanga a mhúineadh. Ní scéal neamhchoitianta é, fiú sna gaelscoileanna. Agus is minic atá a rian sin ar ghnáthchaint na nGaeilgeoirí.

Agus tagairt déanta don ghaelscolaíocht, agus d'ainneoin na lochtanna atá ar theagasc na Gaeilge, is léir anois gur mhaith le cuid mhaith tuisnitheoirí a gclann a chur á múineadh trí Ghaeilge. Rinneadh taighde faoi sin agus polasaí nua i leith an oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht á ullmhú ag an Roinn Oideachais. I gcomhairliúchán poiblí dúirt 53% de thuismitheoirí gur mhaith leo dá bhféadfadh a gclann dul ar scoil lán-Ghaeilge nó ar shuíomh lán-Ghaeilge. Ba é an bac is mó a bhí ann gan méid mór scoileanna nó suíomhanna lán-Ghaeilge a bheith ar fáil.

D'aithin na taighdeoirí nach raibh múinteoirí go leor ann a bheadh in ann Gaeilge a mhúineadh go héifeachtach agus go raibh acmhainní ag teastáil chun na hoibre. Moladh go mbeadh teacht ag múinteoirí ar chúrsaí Gaeilge agus teacht ag tuismitheoirí ar ranganna Gaeilge, ó bhí inní orthu siúd má bhí a gclann á mhúineadh trí Ghaeilge agus gan acu féin ach Gaeilge scáinte, rud a d'fhág nárbh fhéidir leo cuidiú lena bpáistí.

Dúirt na taighdeoirí gur chóir ceart dlíthiúil a bheith ag páistí chun tumoideachas a fháil i nGaeilge. Bheadh airgead ag teastáil chuige, agus sin an áit a dtiocfaidh an crú ar an tairne. Agus b'fhéidir go bhfuil sé ródhéanach anois tuin dhúchasach na teanga a chur i bhfeidhm arís seachas tuin an Bhéarla. Beidh le féachaint.

<https://tuairisc.ie/na-healaiona-o-bheal-le-husaid-chun-feabhas-a-chur-ar-fhoghraiocht-ghaeilge-muinteoiri/>

<https://tuairisc.ie/tacaiocht-mhor-don-oideachas-lan-ghaeilge-i-measc-tuismitheoiri-a-tuarascail-taighde/>



An Cheist agus an tAire

Is beag duine a déarfadh nach bhfuil an tAire Gaeltachta Catherine Martin cumasach go leor. Ach tá ceisteanna ann nach mian le polaiteoirí dá leithéid a fhreagairt go neamhbhalbh, ceisteanna a bhaineann le drochstaid na Gaeilge in Éirinn. Tuigimid di. Seo é a freagra.

<https://www.youtube.com/watch?v=hdBdjBpOA0Q&t=10s>



An Ghaeilge sa Bhruiséil

Irish is an official language of the European Parliament, but its use is restricted by a shortage of translators and interpreters.

Ar an 19 Márta 2024 fuair daoine cuireadh chun Parlaimint na hEorpa i gcomhair pléphainéal ar stádas na Gaeilge sa Bhruiséil agus aird dírithe ar an nGaeilge mar theanga phobail agus ar an mbaint atá aici leis na hInstitiúidí AE. Bhí fáilte roimh chách agus ateangaireacht bheo ann ó Ghaeilge go Béarla.

Ba thráthúil an ócáid í. Tá Parlaimint na hEorpa tar éis a fhógairt nach mbeidh dualgas uirthi seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a sholáthar i nGaeilge go dtí deireadh 2029. De ghnáth, de réir na rialacha, tá sé de cheart ag feisirí labhairt ina rogha teanga oifigiúil agus ateangaireacht á déanamh go teangacha oifigiúla eile. Déantar ateangaireacht ón nGaeilge i seisiúin iomlánacha de Pharlaimint na hEorpa ach ní dhéantar ateangaireacht go Gaeilge. Maidir le cruinnithe eile, déantar ateangaireacht má iarrtar roimh ré í.

Maítear nach bhfuil daoine go leor ann chun lánseirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a chur ar fáil i nGaeilge faoi láthair. Tá suim ag daoine sna poist ach is dian iad na scrúduithe, agus tá teorainn mar sin le líon na n-aistritheoirí cáilithe. Ní scéal nua é seo, agus b'fhurasta a áitiú go bhfuil bunús le cinneadh na Parlaiminte. Mar sin féin, dúirt Feisire amháin gurbh údar bróid dó an Ghaeilge a bheith le cloisteáil go rialta i bparlaimint na hEorpa.

Dúirt duine de 'sheanfhundúirí' na Gaeilge sa Bhruiséil (an dream a tháinig sna blianta 1970-1980) linn go raibh sé i láthair ag féile a chuir Ambasáid na hÉireann ar siúl do lucht na Gaeilge sa Bhruiséil le déanaí. Dhá scór daoine ann ar a laghad, agus is é is mó a chuir iontas air gur daoine óga is mó a bhí ann. Ní raibh aithne aige ar dhuine ar bith agus an oiread sin dá ghlúin féin fillte abhaile nó ar shlí na fírinne.

Tá tábhacht leis an nGaeilge sa Bhruiséil ar a lán slite. Suaitheantas cultúrtha í, thar aon rud eile – ceileatram stairiúil ar chultúr comhaimseartha na hÉireann. Ligeann sí do mhionlach de dhaoine óga oílte ilteangacha poist san Eoraip, rud a chuireann le stádas sóisialta na Gaeilge (agus a thugann údar dóibh siúd a deir gur teanga de chuid na scothaicme í). Saibhríonn an Bhruiséil foclóir agus cumas na teanga i réimsí áirithe. I dtaca le holc agus i ndeireadh na dála, is fearrde an Ghaeilge an Bhruiséil.



Físeáin

'I did everything I could to perfect my English skills, but it came at a heavy cost.' An té a chuireann faoi i dtír nua agus a chaithfidh teanga nua a fhoghlaim, ní mór dó fáil réidh le rudaí éigin, agus is deacair an bhris a thabhairt isteach:

<https://www.abc.net.au/news/2023-03-23/harmony-week-struggle-to-retain-first-language-after-migration/102123238>

'Mar a Chunnaic Mise - East Sutherland Gaelic.' Scannán i dtaobh an Ollaimh Nancy Dorian, scoláire Meiriceánach a rinne staidéar ar chainteoirí deireanacha Ghaeilge na hAlban i gCataibh Thoir:

<https://www.youtube.com/watch?v=QVPnCTYKG0o>



Gulliver

More extracts in Irish from Part 3 (Chapter 2) of Travels into several remote nations of the World [Gulliver's Travels] by Jonathan Swift. Gulliver finds himself amid a people obsessed with astronomy and music, who need servants armed with 'flappers' to awaken them from their cogitations, and who live in mortal fear that the sun's fire will consume the earth.

Nuair a tháinig mé anuas, tháinig slua i mo thimpeall, ach ba dhóigh liom gurbh iad na daoine ba ghaire dom na daoine ab uaisle. D'fhéach siad orm agus dreach an iontais orthu; agus níorbh fhearr mise ná iadsan, mar ní fhaca mé riamh go tí sin dream a bhí chomh neamhchoitianta sin ina n-iompar, a n-éide agus a gcuma. Bhí a gcloigne tiontaithe ar chle nó ar dheis; bhí súil amháin tiontaithe isteach agus an tsúil eile dírithe suas ar bhuaic na spéire. Bhí a n-éadaí maisithe le griana, gealacha agus réaltaí; agus bhí siad seo agus fiddleacha, fliúiteanna, cláirseacha, trumpaí, giotáir, cruitchláir agus uirlisí eile nach ebhfuil againn san Eoraip fite ina chéile. Thug mé faoi deara ansiúd is anseo a lán daoine in éide searbhónta agus éadromán ina lámh acu a bhí nasctha amhail súiste le barr maide. Bhí dornán méaróg nó piseán tirim i ngach éadromán, mar a dúradh liom ina dhiaidh sin. Anois agus arís d'fhlapáil siad na héadromáin seo le hais bhéal agus chluasa na ndaoine a bhí láimh leo, nós nár thuig mé ag an am. Is amhlaidh go bhfuil aire na ndaoine seo dírithe chomh mór sin ar dhianspéacláireacht nach féidir leo labhairt le daoine eile ná éisteacht leo gan an chaint agus na cluasa a ghríosú ón taobh amuigh; dá bhrí sin, bíonn flapálaí (a dtugtar Climeineol air ina dteanga féin) ina shearbhónta i dteaghlach na ndaoine ar acmhainn dóibh é, agus ní théann siad amach ag siúl ná ar cuairt gan an flapálaí a bheith ina dteannta. Agus is é gnó an fheidhmeannaigh seo, nuair atá beirt nó triúr nó níos mó ann, béal an té atá chun labhairt a bhualadh go séimh lena éadromán agus cluas dheas an té atá ag éisteacht a bhualadh ar an dóigh chéanna. Ina theannta sin, tá sé de ghnó ag an bhflapálaí seo fanacht go dílis i gcuideachta a mháistir agus é siúd amuigh ag siúl, agus a shúile siúd a bhualadh go ceansa lena fhlapa ó am go chéile; toisc go mbíonn a mháistir chomh mór sin ar a mharana gur mór an baol go dtitfidh sé síos i bpoll nó go mbuailfidh sé a chloigeann in éadan gach cuaille; nó go mbuailfidh sé faoi dhaoine sna sráideanna nó go mbrúfar isteach sa silteán é.



Faoi dheireadh chuamar isteach sa phálás agus isteach sa seomra ceiliúrtha, áit a bhfaca mé an rí ina shuí ar a ríchathaoir agus daoine uaisle den chéim ab airde ar gach taobh de. Bhí bord mór os comhair na ríchathaoireach amach agus é lán de chruinneoga agus de sféir, agus d'uirlisí matamaitice de gach cineál. Níor thug A Mhórgacht aird ar bith orainn, cé nach raibh gleo in easnamh orainn ag teacht isteach dúinn, de thoradh chóisir mhór na cúirte. Ach bhí sé sáite i bhfadhb; agus bhíomar ag fanacht le huair an chloig ar a laghad sular éirigh leis í a fhuascailt. Bhí giolla óg ar gach taobh de agus flapa ag gach duine acu, agus nuair a chonaic siad go raibh sé saor, bhuail duine acu a bhéal go mánla agus bhuail an duine eile a chluas. Gheit sé amhail duine a dhúisigh go tobann, agus d'fhéach orm féin agus mo chomhluadar, ag cuimhneamh ar an bhfáth ar thángamar, mar a dúradh leis cheana. Dúirt sé roinnt focal, agus dhruid fear óg anall le mo thaobh agus d'fhlapáil go cneasta ar mo chluas dheas mé; ach rinne mé comharthaí chomh maith agus ab fhéidir liom nach raibh gá leis sin; agus, mar a fuair mé amach ina dhiaidh sin, chuir sin iúl don rí agus don chúirt gurbh fhear mé a bhí lag i dtuiscint. Bhí an rí ag cur roinnt ceisteanna orm, nó sin mar a dhealraigh sé, agus labhair mé leis i ngach teanga dá raibh agam. Nuair a fuarthas amach nár thuig mé é agus nár thuig seisean mise, d'ordaigh sé go dtabharfaí mé chun árasáin ina phálás (mar bhí clú na féile air roimh strainséirí thar aon duine dár tháinig roimhe) agus beirt searbhóntaí ceaptha chun freastal orm. Tugadh mo dhinnéar isteach chugam, agus shuigh beirt daoine uaisle chun boird liom, daoine ba chuimhin liom a fheiceáil i bhfianaise an rí. Bhí dhá chúrsa againn agus trí bhéile i ngach ceann acu. Sa chéad chúrsa bhí gualainn caoireola againn agus í gearrtha ina triantán comhshleasach, píosa mairteola a gearradh ina rombóideach, agus maróg a gearradh ina cioclóideach. Dhá lacha a bhí sa dara cúrsa agus iad ceangailte i bhfoirm fiddleacha; bhí ispíní agus maróga ann ba chosúil le fliúiteanna agus le hóbónna; agus brollach laofheola a raibh cuma cláirsí air. Ghearr na searbhóntaí ár gcuid aráin i riocht cón, sorcóirí, comhthreomharán, agus roinnt fíoracha matamaiticiúla eile.



Bíonn míshuaimhneas ar na daoine seo i gcónaí, iad cráite gan stad; agus tagann an bhuaire sin de rudaí nach gciapann ach an chuid is lú de dhaoine in áiteanna eile. Tagann inní orthu de thoradh athruithe ar na reanna, athruithe a chuireann scéin iontu; eagla a bheith orthu, mar shampla, go slogfaidh an ghrian an domhan le himeacht aimsire agus í ag druim anall i gcónaí; go dtiocfaidh screamh ar aghaidh na gréine de réir a chéile lena bréansreabh féin agus nach dtabharfaidh sí solas don domhan a thuilleadh; gur ar éigean a sheachain an domhan eireaball an chóiméid ba dhéanaí, eireaball a dhéanfadh luaith den domhan; agus gur dócha go scriosfaidh an chéad chóiméad eile sinn, cóiméad a nochtfaidh, dar leo, i gceann bliain is tríocha. Mar má thagann sé ina peirihéilean faoi fhad áirithe den ghrian (de réir mar a mheasann siad le teann uamhain) tabharfar goradh dó a bheidh deich míle uair níos teo ná iarann dearglata, agus ag imeacht ón ngrian dó béarfaidh sé leis eireaball scallta loiscneach a bheidh deich gcéad míle is ceithre mhíle dhéag míle slí ar fad. Má théann an domhan thart trí chéad míle míle slí ó núicléas an chóiméid, rachaidh sé trí thine agus déanfar luaith de; ídeofar agus scriosfar an ghrian féin faoi dheireadh agus í ag caitheamh a cuid gathanna gan aon rud fágtha inti a chothódh iad; rud a thabharfaidh scrios an domhain seo agus scrios na bpláinéad uile a fhaigheann a gcuid solais uaithi.



Cúrsaí comhshaoil

Beiriú na farraige

Few deny that the oceans are warming. It is clear that this affects sea levels and weather, and life of every kind.

Bheadh inní ort anois gur samhradh gan deireadh a bheidh ann feasta, cé go bhfuil áiteanna áirithe níos measa ná a chéile. Tá *An Lúibín* suite cuíosach gar don Antartach, in Melbourne na hAstráile, agus níl an scéal chomh dona sin ann fós. Bíonn an samhradh té go leor, ach bíonn sé cuíosach fuar go fóill sa séasúr ceart; i Meiriceá Thuaidh bíonn an brothall agus an fuacht feannta ag déanamh uainíocht ar a chéile agus an chothromaíocht aimsire curtha as a riocht. Fiú in oirdheisceart na hAstráile, tiocfaidh athrú. Tá baint aige seo leis an teas atá ag borradh san fharraige.

Tá tábhacht ar leith ag roinnt le téamh na n-aigéan agus athrú na haeráide i dtreis. Deir an Eagraíocht Mhéataireolaíochta Dhomhanda go mbeidh sé beagnach dodhéanta an téamh sin a chur ar mhalairt treo; b'fhéidir go dtógfadh sé na mílte bliain. Cuireann leá na n-oighearchlúideanna breis uisce isteach sna haigéin, agus méadaíonn an t-uisce de réir mar a éiríonn sé níos teo; neartaíonn taoídí agus stoirmeacha dá réir, agus ar oileáin ísle an Aigéin Chiúin tá tránna á slogadh, agus talamh, tithe agus reiligí á mbá, gan trácht ar fhíoruisce a bheith millte ag an sáile. Is furasta don uisce te tionsú ina ghal agus éiríonn anfaí níos géire dá bharr.

Tá leibhéal na farraige ag éirí i gcónaí de thoradh leá an oighir mhara san Antartach agus borradh an uisce the; d'éirigh an leibhéal dhá níos mó le deich bliana anuas ná mar a d'éirigh sé sa tréimhse 1993-2002.

Is ait an scéal é go bhfuil an chuid is mó den teas cruinnithe san Atlantach Thuaidh, áit a bhfuil an teocht timpeall trí chéim os cionn na meánteochta. Téann seo i bhfeidhm ar éiceachórais mhara, agus tá a lán speicis éisc ag éalú ó thuaidh, ar lorg uisce fionnuar.

Bhain an bhliain 2023 geit as taighdeoirí aeráide agus gan súil acu le hardú gasta na meánteochta ar dhromchla talaimh agus mara – chomh hard le 0.2 °C. Méadú ollmhór é sin. Fiú má chuirtear El Niño, brúchtadh bolcán agus brúchtadh gréine san áireamh, ní léir ó na samhlacha staidrimh aeráide céard atá ar siúl. B'fhéidir go bhfuil athrú bunúsach ag teacht cheana ar obriú na haeráide.

Ní fearr rud a dhéanfa sa chás sin ná cur fút in oirdheisceart na hAstráile, áit a bhfuil taithí ag daoine cheana ar thine agus ar thuile, agus acmhainní agus eolas teicniúil ann. B'fhéidir go dtiocfa slán, a bheag nó a mhór. Mura dtiocfaidh, beidh na mílte eile damanta chomh maith.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dán agus prósdán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Chan sí

Chan sí nach raibh fód a cónaithe
in áit ar bith
ach dúirt an fhidil linn
dul ag damhsa
is dúirt an chláirnéid thnúthánach linn
dul i mbun caointe
is an t-éan ag gluaiseacht
trasna an stáitse
ar lorg chraobhacha glasa an domhain
ar lorg díidine sa saol seo

Na Taisí

Bhuaileamar lenár dtaisí agus iad ag teacht ón trá, áit ar briseadh an long. Iad fliuch báite, feamainn deasaithe thar a nguailí, gaineamh agus sliogáin bheaga ghleoite ina bpócaí. Iad chugainn aníos thar na dumhcha, faoi chaoineadh fada na bhfaoileán, faoi mhí-ord an aeir. Seanlong a dúirt siad, í ite ag an meirg, turas dainséarach, ach ní foláir duit dul sa seans, d'aghaidh a thabhairt ar an gcontúirt, ar an rath atá romhat. Iad ag caint linn mar a dhéanfá comhrá le strainséirí, daoine nach bhfeicfeá arís. Ár rún féin á ligean linn, rudaí á rá i ndiscréid, rudaí a d'fhágfadh i do thost thú. Sinn ag tréigean a chéile, strainséirí, míshuaimhneas mara sna sála againn.